



Ciorclán 0031/2010

**Chuíg: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
agus
Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

Clárú agus Cáilíochtaí Múinteoirí

Treoracha ón gComhairle Eorpach ar Cháilíochtaí Gairmiúla a Chomhaithint

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna aird na scoileanna agus na múinteoirí a dhíriú ar na heagair a rinne an Chomhairle Múinteoireachta chun na Treoracha ón gComhairle Eorpach ar Chomhaithint Cháilíochtaí Gairmiúla a chur i gcrích. Rinneadh a leithéid a reachtú trí bhíthin Rialacha 2008 (S.I. Uimh. 139 de 2008) um Chomhaithint Cháilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/EC). An ionstraim reachtúil seo, leagann sí amach an chaoi a aithnítear i ngach ballstát na cáilíochtaí gairmiúla a baineadh amach i mballstát amháin den AE. Mar shampla, oide a bhain stádas oide cáilithe amach i mBallstát AE chun Treoracha an AE a chomhlíonadh, beidh an t-oide sin intofa le haghaidh chlárú mar oide sa tír seo, ach faoi réir coinníollacha ar leith.

Déanann na Rialacha 2008 foráil ar ghnéithe cúitimh a chur i bhfeidhm ag údarás inniúlachta chun déileáil le gannchion cáilíochtaí a shainaithnítear mar shubstaintiúil. Faoi na Rialúcháin agus faoin Acht um Chomhairle Múinteoireachta 2001, is í an Chomhairle Múinteoireachta an t-údarás inniúlachta / ainmnithe chun cáilíochtaí na n-oidí a mheas. Múinteoirí, mar shampla, a bhain cáilíochtaí teagaisc amach i mballstát AE agus nár rinne a gcuid oideachais ghairmiúil codanna a chuimsiú, a thuigtear a bheith riachtanach sa chóras scoileanna Éireannacha, (cáilíocht le haghaidh Ghaeilge a mhúineadh i gcás múinteoirí bunscoileanna, mar shampla) is féidir go mbeidh orthu an gannchion a chomhlánú roimh chlárú iomlán a bhaint amach ag an gComhairle Múinteoireachta. Múinteoir sa riocht sin, beidh an roghnú, go ginearálta, aige/aice gach gannchion a shásamh trí phas a fháil i dtástáil infheidhmeachta nó trí thréimhse oiriúnaithe a chomhlánú. Déantar tréimhse oiriúnaithe a shainmhíniú mar a leanas sna Rialacháin:

“is é a chiallaíonn ”tréimhse oiriúnaithe” ná gairm stiúrtha a ghabháil sa Stát faoi fhreagracht duine cáilithe sa ghairm sin ar an tuiscint go

mb'fhéidir go mbeadh oiliúint sa bhreis i gceist tar éis a leithéid de thréimhse de chleachtadh stiúrtha. Beidh measúnacht i gceist ag deireadh an chleachtadh stiúrtha. Beidh an t-údarás inniúlachta freagrach as cinneadh a dhéanamh ar na mionrialacha a bhaineann leis an tréimhse oiriúnachta agus leis an mheasúnacht mar aon le stádas an iarrthóra atá faoi stiúradh. Stádas an dune sa Stát, fad is a bheidh an duine sin ag gabháil leis an tréimhse de chleachtadh stiúrtha, déanfar a leithéid a chinneadh ag na húdaráis ábhartha de réir an dlí Chomhphobail infheidhmithe. Bainfidh an stádas sin, ach go háirithe, le cearta cónaí mar aon le dualgais, le cearta sóisialta agus sochair, le liúntais agus íocaíocht.

Sa chás go roghnóidh múinteoirí an tréimhse stiúrtha, iarrfar ar údaráis na scoileanna sin, ina mbeidh a leithéid de mhúinteoirí fostaithe, a chur ar chumas na múinteoirí gach gannchion aitheanta a shásamh.

Feidhmíonn an imlitir seo in ionad na dúnghaoisí cheana sa réigiún seo..

Na gnéithe a bhaineann le clárú múinteoirí, faisnéis maidir leis an SI a chomhlíonadh san áireamh, is iomchuí iad don Chomhairle Múinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Co. Chill Dara. Rphost: info@teachingcouncil.ie

Fiosrúchán ar bith don Roinn seo maidir le ábhar na himlitreach seo, ba chóir é a sheoladh tríd an rphost chuig : teachersna@education.gov.ie

Ar mhiste a dheimhniú go ndéanfar cóipeanna na himlitreach seo a sholáthar do gach ball den Bhord Bainistíochta / den Choiste Gairmoideachais agus go ndéanfar aird na múinteoirí uile atá fostaithe agat, iad san ar cead scoir san áireamh, a dhíriú ar ábhar na himlitreach. Is féidir teacht ar an imlitir seo ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie

D. Tattan
Príomh-Oifigeach
Rannóg na Scoileanna
Bealtaine, 2010